AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA M.21T

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2000

# STAIR - GNÁTHLEIBHÉAL

(400 marc)

DÉARDAOIN, 8 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 5.20

*Ná freagair ach as AON CHÚRSA AMHÁIN (Cúrsa I nó Cúrsa II).*

Feicfear go bhfuil uasmhéid ama á mholadh do gach ceist ar leith. Tá am chun léitheoireachta agus chun athbhreithniúcháin le háireamh san uasmhéid sin.

# CÚRSA I

## Sibhialtacht an Renaissance
**(Stair na hÉireann, 1477-1625; Stair na hEorpa, 1453-1618)**

Freagair **GACH** ceann de na ceisteanna **A,B,C,D,E,F.**

Do stair na hÉireann a thagraíonn **A, B** agus **C;** do stair na hEorpa a thagraíonn **D, E** agus **F.**

### A
(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)

*Freagair go hachomair OCHT gcinn díobh seo a leanas. Is fiú 5 marc an ceann iad. Is leor abairt nó dhó i ngach cás*

**1.** Cén fáth a raibh tábhacht ag baint leis an bPáil i dtréimhse na dTúdarach in Éirinn?

**2.** Mínigh GACH ceann de DHÁ cheann díobh seo a leanas: bard; file; ceithearnach; gallóglach.

**3.** Cén pháirt a ghlac Lambert Simnel nó Perkin Warbeck i stair na hÉireann?

**4.** Cén fáth ar bunaíodh Léig na nGearaltach sa bhliain 1536?

**5.** Céard a bhí i ndlí na *dearbhfhine* in Éirinn i dtréimhse do chúrsa?

**6.** Cad é an bhrí a bhí le *hAcht Eisreachtaithe* le linn tréimhse do chúrsa?

**7.** Ainmnigh slí AMHÁIN inar bheartaigh na Túdaraigh *galldú* a dhéanamh ar Éirinn.

**8.** Cén cineál eolais atá le fáil i *Suirbhé Dheasmhumhan,* 1584?

**9.** Cuid de na daoine a tháinig slán ó Armáid na Spáinne, cén fáth ar caitheadh go dona leo nuair a tháinig siad i dtír Éirinn?

**10.** Cén pháirt a ghlac Gráinne Uí Mháille i stair Chúige Chonnacht?

**11.** Cén fáth ar ghabh Sir John Perrot Aodh Rua Ó Dónaill sa bhliain 1587?

**12.** Cén fáth ar bunaíodh coláistí Éireannacha ar Mhór-Roinn na hEorpa i ndeireadh an 16ú haois?

**13.** Ainmnigh clann Ghaeleach AMHÁIN agus clann Angla-Éireannach AMHÁIN in Éirinn sa 16ú haois.

**14.** Mínigh go hachomair cén fáth nár plandáladh Aontroim agus an Dún i bPlandáil Uladh.

**15.** Cad a bhí in *Annála na gCeithre Máistrí?*

### B
(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)

*Scríobh alt gairid i dtaobh gach ceann de DHÁ cheann díobh seo a leanas. Is fiú 20 marc an ceann iad.*

**1.** An chúis go raibh an oiread sin cumhachta ag Gearóid Mór, 8ú hIarla Chill Dara.

**2.** Tomás an tSíoda.

**3.** Titim Sheáin Uí Néill.

**4.** An fáth ar cuireadh an tAthair David Wolfe, C.Í., go hÉirinn, 1561 - 1572.

**5.** Plandáil na Mumhan.

**6.** Conradh Mellifont, 1603.

### C
(Uasmhéid ama a mholtar: 50 nóiméad)

*Déan trácht ar gach ceann de DHÁ cheann díobh seo a leanas. Is fiú 60 marc an ceann iad.*

**1.** An Tiarna Eadbhard Poynings in Éirinn, faoi GACH ceann de na ceannteidil seo a leanas:
- **(i)** An chúis ar cuireadh go hÉirinn é.
- **(ii)** Cad a rinne sé in Éirinn.
- **(iii)** Obair Poynings in Éirinn - mar a d'éirigh leis nó mar a theip air?

**2.** Anraí VIII agus Éire faoi GACH ceann de na ceannteidil seo a leanas:
- **(i)** *Géilleadh agus Athbhronnadh*.
- **(ii)** Parlaimint an Reifirméisin, 1536 – 1537.
- **(iii)** Díscaoileadh na Mainistreacha.

**3.** Éire faoi Eadbhard VI, (1547 - 1553) agus an Bhanríon Máire, (1553 - 1558).

**4.** An Reifirméisean in Éirinn i rith réimeas Eilís I, (1558 – 1603).

**5.** An Cogadh Naoi mBliana, 1594 - 1603, faoi GACH ceann de na ceannteidil seo a leanas:
- **(i)** Cúiseanna leis an gCogadh.
- **(ii)** Imeachtaí an Chogaidh.
- **(iii)** An chúis gur buadh ar Ó Néill agus Ó Dónaill.

**6.** Séamas I (1603 – 1625) agus Éire, faoi GACH ceann de na ceannteidil seo a leanas:
- **(i)** An chúis gur cuireadh fáilte in Éirinn le teacht i réim do Shéamas I.
- **(ii)** Plandáil Uladh.
- **(iii)** Parlaimint Chichester, 1613 - 1615.

## D

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)
*Freagair go hachomair OCHT gcinn díobh seo a leanas. Is fiú 5 marc an ceann iad. Is leor abairt nó dhó i ngach cás.*

**1.** Ainmnigh slí AMHÁIN inar chuir Anraí an Loingseoir na fionnachtain thíreolaíochta chun cinn.

**2.** Cén sórt rud a bhi i gcaravelle?

**3.** Ainmnigh slí AMHÁIN a ndearna Savonarola iarracht an saol i bhFlórans a athrú.

**4.** Cén fáth a raibh patrúin tábhachtach i rith an Renaissance?

**5.** Ainmnigh slí AMHÁIN a ndearna Erasmus aird a tharraingt ar dhroch-chleachtais san Eaglais.

**6.** Cén fáth ar thacaigh an oiread san prionsaí Gearmánacha le Liútar?

**7.** Cén chumhacht eachtrach a raibh baint aige le *Scrios na Róimhe*, 1527?

**8.** Ainmnigh ealaíontóir AMHÁIN ó thaobh amuigh den Iodáil.

**9.** Cérbh iad na *Janissaries*?

**10.** Cad é an toradh a bhí ar Chath Lepanto , 1571?

**11.** Ainmnigh éacht AMHÁIN de chuid Ivan IV na Rúise (Ivan an Uafáis).

**12.** Ainmnigh grúpa AMHÁIN daoine a raibh baint acu le hÁr Lá Fhéile Bairtliméid, 1572.

**13.** Cad é an tábhacht is mó a bhain le cathair Antwerp sa 16ú agus 17ú haois?

**14.** Ainmnigh cúis AMHÁIN leis an gCogadh Tríocha Bliain.

**15.** Cén ghné den ghníomhaíocht dhaonna a shamhlaíonn tú le duine AMHÁIN díobh seo a leanas: Nicholas Copernicus; Galileo Galilei; William Caxton?

## E

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)
*Scríobh alt gairid i dtaobh gach ceann de DHÁ cheann díobh seo a leanas. Is fiú 20 marc an ceann iad.*

**1.** Titim Constantinople, 1453.

**2.** An tionchar a bhí ag forbairt na printeála ar an Eoraip.

**3.** Cuntas ar cheann AMHÁIN de na turais taiscéalaíochta i rith na tréimhse, 1453 - 1618.

**4.** An chúis gur éirigh Mártain Liútar amach in aghaidh na Pápachta.

**5.** Banríon Eilís I Shasana, 1558 - 1603.

**6.** Anraí IV na Fraince, 1589 - 1610.

## F

(Uasmhéid ama a mholtar: 50 nóiméad)
*Déan trácht ar gach ceann de DHÁ cheann díobh seo a leanas. Is fiú 60 marc an ceann iad.*

**1.** Ferdinando agus Isabella na Spáinne.

**2.** Péintéireacht agus dealbhadóireacht i Renaissance na hIodáile.

**3.** An Cailbhíneachas faoi GACH ceann de na ceann-teidil seo a leanas:
- **(i)** Saol Chailbhín agus a thuairimí i gcúrsaí creidimh sular chuir sé faoi sa Ghinéiv.
- **(ii)** An saol mar a bhí sa Ghinéiv le linn do Chailbhín a bheith ann.
- **(iii)** Scaipeadh an Chailbhíneachais.

**4.** Séarlas V, Impire ar an Impireacht Romhánach Naofa, 1519 - 1555, faoi GACH ceann de na ceannteidil seo a leanas:
- **(i)** na hiarrachtaí a rinne sé stop a chur le scaipeadh an phrotastúnachais.
- **(ii)** na deacrachtaí a bhí aige leis an Impireacht.
- **(iii)** Cúrsaí intíre na Spáinne.

**5.** An Frith-Reifirméisean faoi GACH ceann de na ceannteidil seo a leanas:
- **(i)** An gá a bhí le leasuithe san Eaglais Chaitliceach.
- **(ii)** Comhchomhairle Thrento.
- **(iii)** Cumann Íosa (na hÍosánaigh).

**6.** Éirí amach na hIsiltíre faoi GACH ceann de na ceannteidil seo a leanas:
- **(i)** Cúiseanna leis an éirí amach.
- **(ii)** Na torthaí sóisialta agus na torthaí eacnamaíocha a bhí ar an éirí amach.
- **(iii)** An bhaint a bhí ag tíortha eile leis an éirí amach.

# CÚRSA II

## Sibhialtacht na Linne Seo

**(Stair na hÉireann, 1868-1966; Stair na hEorpa, 1870-1966)**

Freagair **GACH** ceann de na ceisteanna **A,B,C,D,E,F.**

Do stair na hÉireann a thagraíonn **A, B** agus **C;** do stair na hEorpa a thagraíonn **D, E** agus **F.**

### A

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)

*Freagair go hachomair OCHT gcinn díobh seo a leanas. Is fiú 5 marc an ceann iad. Is leor abairt nó dhó i ngach cás.*

**1.** Acht Eaglais na hÉireann de chuid Gladstone a tháinig i bhfeidhm ar an 26 Iúil, 1869, luaigh slí AMHÁIN a raibh tionchar aige ar Eaglais na hÉireann.

**2.** Luaigh socrú AMHÁIN a bhí in Acht Talún Gladstone, 1870.

**3.** Arthur Balfour, a bhí ina Phríomh Rúnaí d'Éirinn, 1887 - 1891, cén fáth ar thagair náisiúntóirí Éireannacha dó mar *Balfour na Fola*?

**4.** Luaigh DHÁ ghníomhaíocht de chuid Bhord na gCeantar Cúng.

**5.** Luaigh slí AMHÁIN inar chuidigh Micheál Cíosóg le hathbheochan cluichí traidisiúnta na hÉireann.

**6.** Luaigh moladh AMHÁIN a rinne Art Ó Gríofa ina phaimfléid *Aiséirí na hUngáire* (1904).

**7.** Scríobh fíric stairiúil AMHÁIN faoi Sir Edward Carson.

**8.** Luaigh éacht AMHÁIN a rinne Rialtas Chumann na nGaedheal, 1922 - 1932.

**9.** Cén fáth ar bunaíodh an Irish Press/*Sgéala* Éireann sa bhliain 1931?

**10.** Cén fáth go bhfuil tábhacht ag baint le Eoin Ó Dufaigh i stair na hÉireann?

**11.** Tabhair cúis AMHÁIN gur bhris an Cogadh Eacnamaíoch amach.

**12.** Luaigh slí AMHÁIN ina raibh tionchar ag an Dara Cogadh Domhanda, 1939 - 1945, ar Thuaisceart Éireann.

**13.** Ainmnigh duine AMHÁIN a shealbhaigh oifig Uachtarán na hÉireann idir 1937 agus 1966.

**14.** Cén ghné den ghníomhaíocht dhaonna a shamhlaíonn tú le gach duine de BHEIRT díobh seo a leanas:
Caitlín Uí Chléirigh; An Cuntaois Markievicz;
Iris Kellet; Sybil Connolly?

**15.** Luaigh DHÁ bheart a rinne rialtais Éireannacha sa tréimhse, ó 1922 go 1966, chun an Ghaeilge a chur chun cinn.

### B

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)

*Scríobh alt gairid i dtaobh gach ceann de DHÁ cheann díobh seo a leanas. Is fiú 20 marc an ceann iad.*

**1.** Forbairt thionsclaíoch i dTuaisceart Éireann suas go dtí 1914.

**2.** An Plean Beartaíochta.

**3.** An chaoi a ndeachaigh Conradh na Gaeilge i mbun gnó chun a aidhmeanna a chur i gcrích sa tréimhse, 1893 - 1916.

**4.** Neodracht na hÉireann i rith an Dara Cogadh Domhanda, 1939 - 1945.

**5.** An Chéad Rialtas Idir-Pháirtí, 1948 - 1951.

**6.** Duine AMHÁIN díobh seo a leanas: John Devoy;
Sir Horace Plunkett; An Bhantiarna Augusta Gregory;
Caoimhín de Barra; Séamus Ó Lorcáin;
An Dochtúir Nollaig de Brún.

### C

(Uasmhéid ama a mholtar: 50 nóiméad)

*Déan trácht ar gach ceann de DHÁ cheann díobh seo a leanas. Is fiú 60 marc an ceann iad.*

**1.** Micheál Dáibhéid.

**2.** An ghluaiseacht Féinrialtais, 1870 - 1914, faoi GACH ceann de na ceannteidil seo a leanas:
**(i)** Ceannaireacht Isaac Butt.
**(ii)** Ceannaireacht C. S. Parnell.
**(iii)** Mar a d'éirigh leis an ngluaiseacht Féinrialtais ó thitim Pharnell go dtí briseadh amach an Chéad Choghaidh Dhomhanda.

**3.** Éirí amach na Cásca, 1916.

**4.** Éire, 1919 - 1923, faoi GACH ceann de na ceannteidil seo a leanas:
**(i)** Céad Chruinniú Dháil Éireann, 21 Eanáir, 1919.
**(ii)** Díospóireachtaí faoin gConradh i nDáil Éireann, Nollaig 1921 - Eanáir 1922.
**(iii)** An Cogadh Cathartha in Éirinn, 1922 - 1923.

**5.** Stair Eacnamaíoch, 1922 - 1966, faoi GACH ceann de na ceannteidil seo a leanas:
**(i)** An tslí inar láimhseáil Cumann na nGaedheal geilleagar na tíre idir 1922 agus 1932.
**(ii)** Éire i rith an Dara Cogadh Domhanda, 1939 - 1945.
**(iii)** Mar a d'éirigh le geilleagar na tíre faoi Sheán Lemass mar Thaoiseach, 1959 - 1966.

**6.** Tuaisceart Éireann, 1920 - 1966.

## D

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)
*Freagair go hachomair OCHT gcinn díobh seo a leanas. Is fiú 5 marc an ceann iad. Is leor abairt nó dhó i ngach cás.*

**1.** Luaigh fadhb AMHÁIN a bhí ag an stát nua san Iodáil tar éis 1870.

**2.** Luaigh beart AMHÁIN a rinne Bismarck chun stop a chur le dul chun cinn an tsóisialachais sa Ghearmáin.

**3.** Cén fáth go raibh tábhacht ag baint le Alfred Dreyfus i stair na Fraince?

**4.** Cén fáth go raibh láinseáil an *Dreadnought*, 1906, tábhachtach?

**5.** Luaigh DHÁ shlí ina ndearnadh dul chun cinn i gcúrsaí cumarsáide i rith na tréimhse, 1870 - 1914.

**6.** Luaigh buntáiste AMHÁIN a bhí ag Stalin sa choibhlint le haghaidh cumhachta sa A.P.S.S. tar éis bás Lenin.

**7.** Tabhair cúis AMHÁIN go raibh Hitler in ann teacht i gcumhacht sa Ghearmáin.

**8.** Luaigh laige AMHÁIN a bhain le Conradh na Náisiún.

**9.** Luaigh cúis AMHÁIN gur bhuaigh na fórsaí Náisiúnacha faoi Franco Cogadh Cathartha na Spáinne.

**10.** Cad a thuigtear le *géilleadh síthe* mar a chleachtaigh Rialtas na Breataine é i dtriochaidí an chéid seo?

**11.** Cad a bhí i *bPlean Marshall*?

**12.** Cad a bhí i ngéarchéim Bheirlín, 1948?

**13.** Luaigh éacht AMHÁIN de chuid Konrad Adenauer, Seansiléar na Gearmáine Thiar, 1948 - 1964.

**14.** Luaigh cúis AMHÁIN le titim Khrushchev ó chumhacht sa A.P.S.S. sa bhliain 1964.

**15.** Cén gné den ghníomhaíocht dhaonna a shamhlaíonn tú le GACH duine de BHEIRT díobh seo a leanas: Vincent van Gogh; Alfred Krupp; Emmeline Pankhurst; Sigmund Freud; Yuri Gagarin; Ludwig Erhard.

## E

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)
*Scríobh alt gairid i dtaobh gach ceann de DHÁ cheann díobh seo a leanas. Is fiú 20 marc an ceann iad.*

**1.** An Cogadh Franca-Phrúiseach, 1870 - 1871.

**2.** Caidreamh Bismarck leis an Eaglais Caitliceach.

**3.** An tslí inar athraigh Conradh Versailles, 1919, léarscáil pholaitíochta na hEorpa.

**4.** Na príomh-ghnéithe a bhain leis an bhFaisisteachas san Iodáil.

**5.** D – Day, 6 Meitheamh, 1944 (An Teacht i dtír sa Normáin).

**6.** Éirí Amach na hUngáire, 1956.

## F

(Uasmhéid ama a mholtar: 50 nóiméad)
*Déan trácht ar gach ceann de DHÁ cheann díobh seo a leanas. Is fiú 60 marc an ceann iad.*

**1.** *Ceist an Oirthir* faoi GACH ceann de na ceannteidil seo a leanas:
- **(i)** Cad a bhí i *gCeist an Oirthir?*
- **(ii)** Conas a dhéileáil Comhdháil Bheirlín, 1878, le *Ceist an Oirthir*.
- **(iii)** An slí inar chuidigh *Ceist an Oirthir* le briseadh amach an Chéid Chogaidh Dhomhanda.

**2.** Muinntir na hEorpa agus an Afraic, 1870 - 1914, faoi GACH ceann de na ceannteidil seo a leanas:
- **(i)** An fáth gur tarraingíodh muinntir na hEorpa go dtí an Afraic.
- **(ii)** Na tíortha Eorpacha a bhí i gceist agus na críocha a fuarthas.
- **(iii)** An tslí ina ndeachaigh teacht mhuinntir na hEorpa i bhfeidhm ar phobail dhúchasacha na hAfraice.

**3.** An Chogaíocht ar an bhFronta Thiar, 1914 - 1918.

**4.** Lenin (Vladimir Ilyich Ulyanov).

**5.** An caidreamh idir Gearmáin na Naitsíoch agus tíortha Eorpacha eile ón mbliain 1933, nuair a tháinig Hitler i gcumhacht, go dtí 1941, nuair a rinne an Ghearmáin ionradh ar an A.P.S.S.

**6.** An Eoraip, 1945 - 1966, faoi GACH ceann de na ceannteidil seo a leanas:
- **(i)** Na fadhbanna a bhí ag tíortha na hEorpa sa bhliain 1945.
- **(ii)** *Díchoilíniú,* 1945 - 1966 (tarraingt siar thíortha na hEorpa ón a gcoilíneachtaí thar lear).
- **(iii)** An ghluaiseacht i dtreo na haontachta san Eoraip, 1945 - 1966.